



Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach

Ráiteas na Straitéise

2022 – 2026



kcetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Chill Chainnigh agus Cheatharlach
Kilkenny and Carlow
Education and Training Board



The image features a close-up of a weathered wooden object on the left, characterized by a series of circular holes, resembling a section of a boat's hull or a decorative panel. The wood is aged, with a mix of light tan and dark brown tones. In the background, a dark, patterned textile, possibly a tapestry or rug, is visible but out of focus. The overall composition is framed by teal-colored triangular shapes in the top-left and bottom-right corners.

Bain an rath amach trí
fhoghlaim le BOOCCC



Clár

RÉAMHRÁ 04

Intreoir 05

An Próiseas Comhairliúcháin 06

Ár nEagraíocht 07

An Méid atá á Dhéanamh Againn 08

Scoileanna 10

Breisoideachas agus Oiliúint (BOO) 10

Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta (TFE) 11

Obair na hÓige 12

Fís, Misean agus Luachanna 13

Ár bhFís 14

Ár Misean 14

Ár Luachanna 14

Téamaí agus Spriocanna Straitéiseacha 15

Caighdeán an Teagaisc, na Foghlama agus na Cáilíochta sa tSeirbhís 16

An Tionchar a chur le chéile, an Cur i bhFeidhm a chur chun cinn 16

Ár Muintir agus ár bhFoireann 16

Ár nEagraíocht 16

Comhpháirtíocht agus Nuálaíocht 16

Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha 17

Spriocanna Straitéiseacha 18

Caighdeán an Teagaisc, na Foghlama agus na Cáilíochta 18

Neartú na hÉifeachta 20

Ár Muintir, Ár bhFoireann 21

Ár nEagraíocht 21

Comhpháirtíocht agus Nuálaíocht 22

Cur i bhFeidhm 23

Cur i bhFeidhm 24

Aguisín 25

Ár gComhthéacs Straitéiseach 26

Tionchair Níos Fairsinge na Straitéise 26

Reachtaíocht 27

Beartas 28

Cill Chainnigh agus Ceatharlach - 29

Próifíl Shocheacnamaíoch 29

Fostaíocht 31

Gluais 32



Réamhrá

Is mór í an onóir dom Ráiteas Straitéise na mblianta 2022 – 2026 de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach (BOOCCC) a chur i bhur láthair, ina leagtar amach fíis, misean agus luachanna ár n-eagraíochta agus a leagann amach na téamaí agus na cuspóirí straitéiseacha a threoróidh ár gcuid oibre sa thréimhse cúig bhliain atá le teacht.

Bunaíodh an BOOCCC faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 chun seirbhísí oideachais, oiliúna agus an obair óige a chur ar fáil ar fud Contaethe Chill Chainnigh agus Cheatharlach. Ó cuireadh tús leis, tá fás agus forbairt tar éis teacht ar BOOCCC, ag cur ar fail raon éagsúil na seirbhísí thar an oideachas dara leibhéal, an mbreisoideachas, an oiliúint, agus an obair óige, chomh maith le raon fairsing na seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí agus do phobail áitiúla. Cuirimidne i BOOCCC cultúr na foghlama chun cinn do chách agus aithnímid an tábhacht a baineann atá lenár ról laistigh de na pobail áitiúla inár limistéar feidhmíochta. Cuirimid an mac léinn i gcroílár gach a ndéanaimid agus sinne ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach san oideachas, san oiliúint agus i seachadadh na seirbhíse.

Thug ullmhú Ráiteas na Straitéise seo deis dúinn dul i mbun chomhairliúcháin laistigh agus lasmuigh dár n-eagraíocht. Chuir sé ar ár gcumas machnamh a dhéanamh ar an méid atá bainte amach againn go dtí seo, smaoineamh ar na deiseanna atá amach romhainn agus treo a cheapadh don chúig bhliain amach romhainn. Le linn na bliana 2021, tugadh faoi phróiseas fairsing an chomhairliúcháin d'fhoill machnamh a dhéanamh ar an bhfís agus an misean againn agus chun na téamaí agus na spriocanna a aithint chun treo an BOOCCC a rianú sa chúig bhliain amach romhainn.

Bunaíonn na téamaí, na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach i Ráiteas seo na Straitéise creat soiléir trína bhféadfaidh an BOOCCC an méid a mbeidh bainte amach aige acu amach anseo a mheas. Mar eagraíocht na foghlama, geallaimid thorthaí foghlama ar ardchaighdeán a bhaint amach dár gcuid mac léinn agus aithnímid go bhfuil sé ar chumas na foghlama saol an duine a athrú agus pobail a thógáil.


Táimid buíoch de gach duine a chuidigh linn i bhforbairt Ráiteas seo na Straitéise. Is meabhrúchán tráthúil é an t-aiseolas ón taobh istigh agus ón taobh amuigh dár n-eagraíocht ar thábhacht na hoibre a dhéanaimid agus ar an ngá dúinn, mar eagraíocht na foghlama, uailmhian a bheith againn sa todhchaí ionas gur féidir linn na torthaí is fearr a bhaint amach dár mic léinn agus do na pobail uile ar fud Contaethe Chill Chainnigh agus Cheatharlach.



Peter Cleere
Cathaoirleach



Eileen Curtis
Príomhfheidhmeannach

A photograph of two women in a design studio. One woman with blonde hair and glasses is pointing at a computer monitor displaying a 3D architectural model. The other woman with dark hair is looking on. The image has a teal overlay and geometric corner elements.

Intreoir

An Próiseas Comhairliúcháin

Faoi Alt 27 den *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013*, ní mór gach bord oideachais agus oiliúna (BOO) ráiteas na straitéise a ullmhú gach tréimhse cúig bliana a leagann amach a chuid cuspóirí don cúig bhliain amach roimhe, tosaíochtaí na gculpóirí sin agus an straitéisí lena leithéid a bhaint amach.

Rinne BOOCCC Ráiteas a chuid Straitéise do na blainta 2022-2026 le linn na bliana 2021.

Ó mhí Feabhra go dtí mí Bealtaine na bliana 2021, ghlac an feidhmeannas páirt i bpróiseas fairsing an comhairliúcháin chun raon na ndearcthaí a fháil laistigh den eagraíocht. Reáchtáladh próiseas fairsing an comhairliúcháin freisin le páirtithe le geallsealbhóirí seachtracha ar fud Contaethe Chill Chainnigh agus Cheatharlach chun tuairimí na n-eagraíochtaí reachtúla, deonacha agus an phobail a fháil. Reáchtáladh sraith seisiún éascaithe le hionadaithe ó:

- boird bhainistíocht na scoileanna/na n-ionad
- foireann an BOOCCC (foirne an riaracháin, an teagaisc agus na tacaíochta)
- foirne ceannaireacht na scoile

- fóraim an BOO (ionadaithe ó ionaid agus seirbhísí an BOO)
- fócasghrúpaí measctha (ionadaithe foirne an riaracháin, an teagaisc agus na tacaíochta)
- comhairlí na mac léinn agus fóraim na bhfoghlaimeoirí
- comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann gnólachtaí, thionscail agus fostóirí
- Éinne eile a bhfuil tionchar ag cur i bhfeidhm straitéis an BOO air nó a bhfuil suim aige ann.

I mí Bhealtaine na bliana 2021, ghlac an Bord páirt i seisiún éascaithe chun spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha Ráiteas na Straitéise a mheas.

Tar éis próiseas an chomhairliúcháin a chríochnú, rinneadh dréacht-dhoiciméad na straitéise inar aithníodh na príomhthéamaí, na príomhspriocanna agus na cuspóirí a scaipeadh le haghaidh aiseolais a fháil i rith mhí Mheán Fómhair agus mhí Dheireadh Fómhair, agus cuireadh an dréacht deiridh faoi bhráid BOOCCC i mí Samhain na bliana 2021.


Ghlac an Bord Ráiteas na Straitéise 2022–2026 ag a chruinniú ar an 16 Samhain, 2021.



Ár nEagraíocht

An Méid atá á Dhéanamh Againn

Bunaíodh an BOOCCC ar an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. I mí Mhárta na bliana 2016, aistríodh seirbhísí na hoiliúna go dtí an BOOCCC faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013.



- Cláir Oideachais do Dhaoine Fásta
- Cúrsaí Iar-Ard-Teistméireachta
- Seirbhísí Oiliúna (Printíseacht, Oiliúnacht agus Oiliúint Scileanna ar Leith) Local Training Initiative
- Tionscnamh Oiliúna Áitiúil
- Ionaid Oiliúint an Phobail
- Ógtheagmháil
- Oifigí BOOCCC
- Scoileanna

Freastalaíonn an BOOCCC ar chontaetha Chill Chainnigh agus Cheatharlach, a bhfuil daonra iomlán 156,164 iontu (Daonáireamh, 2016). Síneann sé ó Bhaile Haicéid in oirthuaisceart Chontae Cheatharlach go dtí Port an Chalaigh i ndeisceart Chontae Chill Chainnigh, agus ó Ghráig na Manach anonn go Baile Sheáin.

Cuireann BOOCCC raon leathan na seirbhísí ar fáil a chuimsíonn oideachas an dara leibhéil, breisoideachas agus oiliúint, obair na hóige agus raon leathan seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimoirí agus do pobail. Tá seirbhísí an BOOCCC dírithe ar phobail áitiúla le raon scoileanna/coláistí, agus ionaid an bhreisoideachais agus na hoiliúna le raon leathan na clár a chur ar fáil acu. Tacaímid le foghlaimoirí a gcumas a bhaint amach agus páirt iomlán a ghlacadh sa phobal. Cothaíonn an BOOCCC cultúr na foghlama do chách agus aithníonn sé an tábhacht a bhaineann lena ról laistigh den pobal ar fud an dá chontae. Tá an mac léinn i gcroílár gach ndéanann sé agus é ag iarraidh an barr fheabhais a bhaint amach san oideachas, san oiliúint agus i seachadadh na seirbhíse. Dírímid ar thorthaí ar ardchaighdeán a

chruthú dár bhfoghlaimoirí agus, mar eagraíocht na foghlama, creidimid go bhfuil an chumas na foghlama saol an duine a athrú agus an pobal a chur le chéile. Déanaimid ár ndícheall i gcónaí a leithéid a sheachadadh dár mic léinn, ag tacú lena gcuid iarrachtaí agus ag ceiliúradh an méid a bhaineann siad amach.

Cuireann an BOOCCC raon tacaíochtaí an riaracháin ar fáil a gcabhraíonn lena sheirbhísí oideachais agus oiliúna trasna feidhmeanna an airgeadais, na n-acmhainní daonna, na seirbhísí corparáideacha agus an TFC. Tá sé seo á stiúradh, ó lá go lá, ag foireann na bainistíochta feidhmiúcháin agus ag foireann an riaracháin agus na tacaíochta.

“Cothaíonn an BOOCCC cultúr na foghlama do chách”





Scoileanna

Is cuid de shainchúram an BOOCCC í bainistiú agus feidhmiú 15 scoil agus coláiste. Is Gaelcholáistí iad dhá cheann díobh seo agus is coláiste breisoideachais agus oiliúna ar leith iad dhá cheann eile acu a gcuireann cláir iar-ardteistiméireachta ar fáil.


Tá ár gcuid scoileanna ilchreidmheach agus comhoideachais, agus tá na bunluachanna seo a leanas mar bhonn agus mar thaca acu:

- Barr-fheabhas san Oideachas
- An Cúram
- An Comhionannas
- An Pobal
- An Meas

Cuireann ár scoileanna raon cuimsitheach an churaclaim ar fáil, lena n-áirítear:

- An tSraith Shóisearach
- Clár Scoileanna na Sraithe Sóisearaí
- Clár na hIdirbhliana
- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Is cuid den chlár DEIS iad seacht scoil an BOOCC agus faigheann siad tacaíocht ón gClár um Chríochnú na Scoile.



Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)

Déantar freastal ar riachtanais na bhfoghlaimoirí trí raon leathan na gclár lánaimseartha agus páirtaimseartha an BOOCCC a fheidhmíonn faoina Sheirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (BOO). Cuirtear cúrsaí ar fáil ó leibhéil 1-6 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC) agus cuireann siad deis ar fáil d'fhoghlaimoirí freastal ar a gcuid riachtanas foghlama pearsanta agus uas-sciliú agus scileanna nua a bhaint amach chun freastal ar riachtanais reatha an tionscail agus iad siúd ag teacht chun cinn.

I measc na gclár lánaimseartha ar fáil, tá:

- Printíseachtaí
- Bunoiliúint agus Oiliúint Idirlinne
- Ionaid Oiliúna an Phobail
- Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
- Oiliúint i Scileanna Ar Leith
- Sainoiliúint na Scileanna
- Soláthraithe na Sainoiliúna
- Oiliúnachtaí
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)
- Ógtheagmháil

I measc na gclár páirtaimseartha ar fáil, tá:


- Litearthacht d'Aosaigh
- Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
- Oideachas an Phobail
- BCTE (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile)
- Traenáil/Cúrsaí Oíche
- Comhar BOO
- Scileanna le haghaidh dul chun Cinn
- Scileanna le haghaidh na hOibre

Cuireann na cláir seo conairí foghlama ar fáil do spriocghrúpaí ar leith le raon tacaíochtaí treorach agus comhairleoireachta ar fáil chun cabhrú leis na foghlaimoirí ar a n-aistear foghlama fadsaoil.

Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta (TFE)

Faigheann seirbhísí oideachais agus oiliúna an BOOCC tacaíocht ó fhoireann feidhmiúcháin agus riaracháin a bhfuil a gcuid oibre mar bhonn agus mar thaca ag seachadadh an oideachais agus na hoiliúna ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad. Tá an phríomhoifig lonnaithe i gCeatharlach, agus tá oifig eile ann i gCill Chainnigh. Tugann foireann an TFE tacaíocht don phríomhfheidhmeannach maidir leis an rialachas corparáideach agus seirbhísí na bainistíochta a chur ar fáil sna réimsí seo a leanas:

- Forbairt na Straitéise
- Rialachas agus comhlíonadh
- Comhordú Seirbhísí an Eagrúcháin
- Bainistíocht an Athruithe
- Acmhainní Daonna agus Pleanáil Lucht an tSaothair
- Bainistíocht an Airgeadais
- Tionscadail Chaipitil
- Soláthar
- Bainistíocht na Foirgníochta agus an Eastát
- Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
- Sláinte agus sábháilteacht



Sé atá mar aidhm ag an BOOCC thar na cúig bliana atá romhainn ná leanúint ar aghaidh ag tógáil eagraíocht láidir a bhfuil an cumas agus an fhéidearacht aici tacú lena seirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta agus í ag leanúint ar aghaidh ag leathnú a réime agus a tionchar.



Obair na hÓige

Faoi réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, ní mór gach Bord Oideachais agus Oiliúna “tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú seirbhísí obair na hóige i limistéar a chuid feidhme”.

Déanann an BOOCCC comhordú agus riar ar sholáthar seirbhísí na hóige do dhaoine óga ar fud Chontae Chill Chainnigh agus Chontae Cheatharlach faoi raon na gclár á maoiniú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige (RLCMIÓ).

Tá maoiniú os cionn €1 milliún in aghaidh na bliana ar fáil do sheirbhísí an óige de chuid an BOOCCC atá á riar agus á dtacú ár n-oifigigh óige a dhéanann dlúth-theagmháil le heagraíochtaí áitiúla na hóige agus leis an RLCMIÓ.

“Tá maoiniú os cionn €1 milliún in aghaidh na bliana ar fáil do sheirbhísí an óige de chuid an BOOCCC atá á riar”



4774
Mhac Léinn



13
Larbhunscoil



9074
Fhoghlaimeoir



Buiséad Bliantúil
€70.6
milliún



kcetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Chill Chainnigh agus Cheatharlach
Kilkenny and Carlow
Education and Training Board



24
Shuíomh
BOO



1377
mBall
Foirne



Tionscadail
Chaipitil
€4.4
milliún



2
Choláiste
Breisoideachais



Fís, Misean agus Luachanna

Ár bhFís

Forbairt deiseanna an oideachais agus na hoiliúna ar ardchaighdeán a threorú ar fud Chontae Chill Chainnigh agus Chontae Cheatharlach, ag dul i dteagmháil leis na foghlaimeoirí agus leis na pobail trí gach céim na foghlama fadsaoil.

Ár Misean

A chur ar chumas an foghlaimeora a mhianach a bhaint amach tríd an oideachas agus trí pháirt a ghlacadh i saol an limistéir agus na tíre againne.

Ár Luachanna

Sé an BOOCC an soláthraí is mó deiseanna an oideachais, na hoiliúna agus obair na hóige i gContae Chill Chainnigh agus i gContae Cheatharlach. Aithnímid an tábhacht a bhaineann leis an ról atá againn inár bpobal agus tuigimid ár bhfreagracht maidir le seirbhísí a chur ar fáil ar ardchaighdeán. Tá ár mbunluachanna mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuid oibre:

Luach na Foghlama

Is mór againn an foghlaim agus cuirimid an foghlaimeoir i gcroílár ár gcuid oibre. Creidimid go bhfuil sé ar chumas na foghlama an saol a athrú agus an pobal a chur le cheile.

An Barrfheabhas mar Chuspóir

Tá sé mar aidhm againn an barrfheabhas a bhaint amach i ngach seirbhís againne. Cuirimid cultúr an fheabhsaithe leanúnaigh chun cinn inár scoileanna, inár n-ionaid agus ar fud ár seirbhísí.

Tógáil na gCaidreamh

Cuirimid caidrimh le cheile le daoine eile atá bunaithe ar an gcomhobair agus ar an meas. Aithnímid go mbrathann rath na heagraíochta ar an gcomhobair atá ríthábhachtach dár gcuid seirbhísí.

An Oscailteacht a Chur Chun Cinn

Táimid freagrach do dhaoine eile agus cuirimid an oscailteacht agus an trédhearcacht chun cinn. Aithnímid mar chomhlacht poiblí go gcaithfimid ár gcuid chaighdeán a choinneáil ar an ardleibhéal.

An Pobal a Fheabhsú

Aithnímid ár ról mar sholáthraí na seirbhísí laistigh dár bpobal. Is eagraíocht foghlama sinn agus oibrímid chun cur le leas nár bpobal trí sheirbhísí an oideachais, na hoiliúna agus na tacaíochta a chuirimid ar fail.

“Creidimid go bhfuil sé ar chumas na foghlama an saol a athrú agus an pobal a chur le cheile.”

A photograph of three young people, two men and one woman, gathered around a JVC video camera mounted on a tripod. The man on the left has curly hair and is looking at the camera. The woman in the middle has blonde hair and is looking at the camera. The man on the right is wearing a grey beanie and is smiling. The camera is a JVC ProHD model. The background is a plain, light-colored wall. The image has a teal overlay and a white geometric shape in the top left corner.

Téamaí Straitéiseacha

Téamaí Straitéiseacha

Mar thoradh ar phróiseas an chomhairliúcháin, tháinig sraith téamaí straitéiseacha chun cinn a chuir creat ar fáil trínar tugadh an tosaíocht do na spriocanna, na cuspóirí agus na gníomhartha.

Caighdeán an Teagaisc, na Foghlama agus na Cáilíochta sa tSeirbhís

An teagasc, an foghlaim agus seachadadh na seirbhíse a chur chun cinn ar ardchaighdeán agus ag glacadh le modheolaíochtaí nua agus le cuir chuige nuálaíocha.

Tá cur chun cinn ar ardchaighdeán an teagaisc, na foghlama agus seachadta na seirbhíse ag croílár ár gcuid oibre. Tá sé mar aidhm againn an barr fheabhais a bhaint amach agus iarraidimid an méid a dhéanaimid a fheabhsú trí phróiseas leanúnach na meastóireachta agus an fheabhsaithe. Aithnímid an saibhreas a bhaineann le cineálacha éagsúla na foghlama agus molaimid cur chuige cuimsitheach ina dtugtar tacaíocht do gach mac léinn ina chuid iarrachtaí ar an bhfás agus ar an mbláthú. Déanaimid an éagsúlacht agus an ghnóthachtáil a cheiliúradh agus aithnímid, de réir mar a bhíonn an fhoghlaim ag síor-athrú, nach mór dúinn an todhchaí a chur in oiriúint trí ghlacadh le modheolaíochtaí nua agus cuir chuige nuálaíocha chun taithí an fhoghlaimeora a fheabhsú.

An Tionchar a chur le chéile, an Cur i bhFeidhm a chur chun cinn

An tionchar a chur le chéile, ár gcuid seirbhísí a chur chun cinn agus leathnú a dhéanamh ar ár rochtain ionas go ndéanfar an BOOCCC ina rogha na cáilíochta.

Is eagraíocht mhór é an BOOCCC a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlaim na ndaoine óga agus na ndaoine fásta araon i gContae Chill Chainnigh agus i gContae Cheatharlach. Tacaímid leis an bhfoghlaim do chách agus creidimid go bhfuil an cumas ag an oideachas an saol a athrú. Trínár gcuid oibre, tá an deis againn dul i ngleic dearfach le foghlaimeoirí, le pobail agus le gnólachtaí agus tá an dualgas orainn gach gné a bhaineann le forbairt na foghlama a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as an gcruthaitheacht agus as an nuálaíocht. Is mór í dúinne an tábhacht a chuirimid i leith na cáilíochta agus déanaimid ár ndícheall i gcónaí bealaí níos fearr a aimsiú chun freastal ar riachtanais foghlaim an phobail tríd an deachleachtas a chur i bhfeidhm.

Ár Muintir agus ár bhFoireann

Cumas, feidhmíocht agus ceannaireacht ár muintir agus ár bhfoirne a fhorbairt trí chultúr na foghlama do chách a chur chun cinn sa BOOCCC.

Tá foireann láidir ceannairí, múinteoirí, riarthóirí agus foireann tacaíochta ag an BOOCCC a cabhraíonn lenár n-iarrachtaí eagraíochtúla chun an fhoghlaim do chách a chur chun cinn. Mar eagraíocht na foghlama, leanfaimid orainn ag cur len cumas ár gceannaireachta, agus le cumas ár muintir agus ár bhfoirne, chun an fhoghlaim do chách a chur chun cinn - laistigh dár n-eagraíocht féin agus laistigh dár bpobail foghlama. Leanfaimid ag cur cuspóir an bharr fheabhais sa teagasc, san fhoghlaim agus i seachadadh na seirbhíse chun cinn.

Ár nEagraíocht

Eagraíocht láidir a thógáil chur le cheile a bhfuil an cumas agus an acmhainneacht aici.

Caithfidh eagraíocht láidir atá oiriúnach don fheidhm a bheith mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuid oibre san oideachas. Déanaimid creat láidir an rialachais agus acmhainn eagraíochtúil a fhorbairt ionas go gcuirfear ar ár gcumas deiseanna nua ar fáil chun ár n-áiseanna agus ár seirbhísí a fheabhsú. Leanfaimid ag cur leis an acmhainn laistigh dár n-eagraíocht chun a chinntiú go gcuirfidh sí a cuid seirbhísí i bhfeidhm go héifeachtach agus go ndéanfar a cuid dea-chleachtais an rialachais a fheabhsú.

Comhpháirtíocht agus Nuálaíocht

Ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe maidir leis an bhfianaise, le léargas na foghlama amach anseo agus leis na múnlaí nua um sheachadadh na seirbhíse a chur le chéile.

Oibreoidimid i gcomhar leis na geallseilbhóirí, laistigh agus lasmuigh dár n-eagraíocht, agus cuirfidimid comhaontais straitéiseacha le cheile d'fhonn ár gcuid oibre a chur chun cinn. Leanfaimid ag spreagadh an aiseolais, laistigh dár n-eagraíocht agus ar fud an phobail, chun na léargais a thógáil le haghaidh na deiseanna agus an treo amach anseo a aithint. Leanfaimid orainn ag tógáil na gcleachtas inbhuanaithe, ag úsáid na teicneolaíochta go héifeachtach, agus ag aimsiú bealaí níos fearr na oibre. Bainfidimid úsáid as na sonraí agus an taithí againne le haghaidh na léargas agus na fianaise a chur le cheile chun cabhrú linn conairí a bhunú do na foghlaimeoirí amach anseo agus chun múnlaíthe nua na seirbhíse agus an tseachadta a fhorbairt.



Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha



Spriocanna Straitéiseacha:

- 1** Teagasc, foghlaim agus seachadadh na seirbhíse ar ardchaighdeán a chur chun cinn, ag glacadh le modheolaíochtaí nua agus cuir chuige nuálaíocha.
- 2** Ár dtionchar a mhéadú, ár gcuid seirbhísí a chur chun cinn agus raon na seirbhísí a leathnú, ionas go bhfágfar an BOOCCC mar rogha na cáilíochta.
- 3** Cur le cumas ceannaireacht ár bhfoirne trí chultúr na foghlama do chách a chur chun cinn sa BOOCCC.
- 4** Eagraíocht láidir a chur le chéile a bhfuil an cumas agus an acmhainneacht is gá aici.
- 5** Ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, d'fhonn na fianaise, na léargas don treo amach anseo agus na múnlaí nua um sheachadadh na seirbhíse a thógail.

1. Caighdeán an Teagaisc, na Foghlama agus na Cáilíochta

Teagasc, foghlaim agus seachadadh na seirbhíse ar ardchaighdeán a chur chun cinn, ag glacadh le modheolaíochtaí nua agus cuir chuige nuálaíocha.

Cuspóirí

- An teagasc agus an fhoghlaim ar ardchaighdeán a chur chun cinn ar fud cláir uile an oideachais agus na hoiliúna.
- Tacú le raon éagsúil na mac léinn a bhfuil sainriachtanais acu d'fhonn páirt a ghlacadh san oideachas agus san oiliúint ar fud ár gcuid scoileanna agus ionad.
- Úsáid an TFC a chur chun cinn le haghaidh na cáilíochta agus na nuálaíochta sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a fheabhsú.
- Cultúr féinmheastóireachta agus dearbhú na cáilíochta a chur chun cinn chun tacú leis an mbarr fheabhais a sheachadadh san oideachas, san oiliúint, in obair na hóige agus sna seirbhísí eile.
- Leas ár bpobal foghlama a chur chun cinn trí dhíriú ar an gcruthaitheacht, as an nuálaíocht agus as na gníomhaíochtaí seach-churaclaim.



Gníomhartha Straitéiseacha

- Clár a chur ar fáil a thacaíonn leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ar ardchaighdeán, ag cur leis na scileanna agus ag cur cineálacha nuálacha an chuir chuige chun cinn.
- Acmhainn na scoileanna agus na n-ionad a fhorbairt chun tacú an dea-chleachtais a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil sainriachtanais acu.
- Straitéis a fhorbairt ar fud an BOO chun tacú leis an bhfoghlaim dhigiteach agus teicneolaíocht-fheabhsaithe, ag cur cineálacha nuálacha an chuir chuige chun cinn maidir leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus le seachadadh an churaclaim.
- Leanúint ar aghaidh ag tógáil acmhainn na scoileanna agus na n-ionad chun dul i mbun pleanála agus féinmheastóireachta agus chun tagarmharcanna na cáilíochta a bhaint amach.
- An Creat um Dhearbhú Cáilíochta a fhorbairt a thuilleadh don BOOCCC chun tacú le soláthar na seirbhísí ar ardchaighdeán.
- Leanúint ar aghaidh ag cur struchtúr na tacaíochta le cheile do mhic léinn trasna na scoileanna, na n-ionad agus na seirbhísí.
- Sraith tionscnamh na dtéamaí a sheachadadh chun modúil an oideachais ar an inbhuanaitheacht agus ar na cleachtais a chur chun cinn ar fud ár n-eagraíochta.
- Na deiseanna a chur ar fáil go bliantúil do ghníomhaíochtaí a thacaíonn leis an cruthaitheacht, leis an nuálaíocht agus le buntáistí níos leithne na foghlama ar fud na heagraíochta.

“Tá sé mar aidhm againn acmhainn na scoileanna agus na n-ionad a fhorbairt chun tacú an dea-chleachtais a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil sainriachtanais acu”



2. Méadú an Tionchair, Neartú na hÉifeachta

Ár dtionchar a mhéadú, ár gcuid seirbhísí a chur chun cinn agus raon na seirbhísí a leathnú, ionas go bhféadfar an BOOCCC mar rogha na cáilíochta.

Cuspóirí

- Ról láidir na ceannaireachta a ghlacadh maidir le treochtaí reatha agus deiseanna an fháis agus na forbartha amach anseo a aithint.
- Infheistiú i mbranda agus i bpróifíl BOOCCC chun ár bhféiniúlacht, ár láithreacht agus ár gcáil a chur chun cinn.
- An BOOCCC a fhorbairt mar eagraíocht na foghlama, á chur chun cinn mar ghuth amháin agus mar fhoireann amháin atá dírithe ar an bhfoghlaim amach anseo.
- An BOOCCC a shuíomh mar ‘rogha na cáilíochta’ atá ailínithe le riachtanais na foghlama, an phobail agus an ghnó ár gceantar.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Úsáid ár n-anailísíochta agus ár sonraí a bharrfheabhsú d’fhonn ár bhfeidhmíochta a chinneadh agus chun deiseanna a aithint le haghaidh an tsoláthair reatha a fheabhsú, chomh maith le réimsí nua na feidhmíochta a fhorbairt.
- Straitéis na Cumarsáide a fhorbairt chun próifíl an BOOCCC agus a chuid foghlaimeoirí a fheabhsú.
- Clár a fhorbairt chun na scoileanna agus an BOO a chur chun cinn.
- Sceideal bliantúil na n-imeachtaí a aithint a léiríonn gnóthachtálacha na bhfoghlaimeoirí agus a chothaíonn an rannpháirtíocht.
- Ár struchtúir inmheánacha a fheabhsú chun tacú le héifeacht na cumarsáide.
- Tabhairt faoi raon tionscnamh chun naisc níos láidre a chruthú le fostóirí, le hinstiúidí an ardoideachais agus leis an bpobal.

3. Ár Muintir, Ár bhFoireann

Cur le cumas ceannaireacht ár bhfoirne trí chultúr na foghlama do chách a chur chun cinn sa BOOCCC.

Cuspóirí

- Plean éifeachtach an lucht saothair a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an BOOCCC
- Tacú le forbairt na ceannaireachta ar fud na heagraíochta.
- Cultúr na hardfheidhmíochta agus an fháis a chur chun cinn trí ghlacadh le foghlaim do chách laistigh den BOOCCC.

“Déanaimid ár ndícheall chun cultur na hardfheidhmíochta agus an fháis a chur chun cinn trí ghlacadh le foghlaim do chách laistigh den BOOCCC”

Gníomhartha Straitéiseacha

- Plean lucht saothair a fhorbairt chun riachtanais scileanna na heagraíochta amach anseo a aithint agus a phleanáil.
- Tacaíocht an ionduchtúcháin, na meantóireachta agus na ceannaireachta a chur ar fáil don fhoireann ar fud na heagraíochta.
- Leanúint ar aghaidh ag cur líonraí agus pobail an chleachtais le chéile chun tacú le tógáil na hacmhainne agus le comhroinnt an dea-chleachtais.
- Plean bliantúil imeasctha an FGL a fhorbairt don eagraíocht a chuireann an fhoghlaim do chách chun cinn.
- Tacaíocht a thabhairt d’folláine na foirne trí raon tionscnamh a chur ar fáil gach bliain.

4. Ár nEagraíocht

Eagraíocht láidir a chur le chéile a bhfuil an cumas agus an acmhainneacht is gá aici.

Cuspóirí

- Eagraíocht atá oiriúnach don fheidhm a fhorbairt chun tacú le seachadadh an oideachais agus na hoiliúna.
- Creat an rialachais a fhorbairt a thacaíonn leis na riachtanais reatha agus le hacmhainn na heagraíochta amach anseo.
- Ár gcumas TFC a fhorbairt chun tacú le seachadadh na seirbhíse ar fud na heagraíochta.
- Feabhas a chur ar an mbonneagar agus ar na háiseanna chun tacú le seachadadh ár gcuid seirbhísí.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Creat eagraíochtúil a leagan amach chun tacú le seachadadh na seirbhísí.
- Struchtúr eagraíochtúil cuí a phleanáil don tseirbhís an BOO.
- Plean gníomhaíochta a fhorbairt chun measúnú, aghaidh a thabhairt agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta Daonna de chuid an BOOCCC.
- Leanúint le creat an rialachais agus bainistíocht na riosca de chuid na heagraíochta a chur le chéile i bpríomhréimsí an airgeadais, na n-acmhainní daonna agus na seirbhísí corparáideacha.
- Creat straitéiseach a fhorbairt chun cur le cumas digiteach na heagraíochta maidir le seachadadh na seirbhíse a thacú.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar sheachadadh tionscadal an bhonneagair straitéisigh agus pleanáil d’athchóiriú na n-áiseanna chun tacú leis an inbhuanaitheacht, bainistíocht an fhuinnimh agus tionscnaimh na rochtana.
- Ceanncheathrú nua a fhorbairt i gCeatharlach.
- Cur chuige uile-eagraíochta a fhorbairt maidir leis an inbhuanaitheacht agus le gníomhaíocht ar son na haeráide chun sprioc laghdú 50% an fhuinnimh againn a bhaint amach faoin mbliain 2030, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021.



5. Comhpháirtíocht agus Nuálaíocht

Ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, d'fhoill na fianaise, na léargas don treo amach anseo agus na múnlaí nua um sheachadadh na seirbhíse a thógail.

Cuspóirí

- Comhaontais agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua a fhorbairt d'fhoill ár gcroí-sheirbhísí a leathnú agus d'fhoill réimsí nua an tsoláthair a fhorbairt.
- Ár gcuid comhaontais reatha le comhpháirtithe an oideachais a neartú chun ár seirbhísí a fheabhsú agus a chur chun cinn.
- Díriú ar an nuálaíocht agus ar iniúchadh a dhéanamh ar mhúnlaí nua um sheachadadh na seirbhíse.

Gníomhartha Straitéiseacha

- Na deiseanna a chur ar fáil chun naisc a neartú le mic léinn agus le tuismitheoirí trí chomhairlí na mac léinn agus na dtuismitheoirí agus trí fhórais na bhfoghlaimoirí.
- Leanúint le rolladh amach Plean Obair na hÓige chun na tosaíochtaí náisiúnta a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.
- Dul ag obair le raon na gcomhpháirtithe chun an clár Music Generation (Glún an Cheoil) a fhorbairt a thuilleadh.
- Pleanáil a dhéanamh um sholáthar bunscoileanna an phobail sa BOOCCC a fhorbairt.
- Múnla Coláiste BOO na Todhchaí a phleanáil agus a sheachadadh ina mbeadh cumas méadaithe chun printíseachtaí agus oiliúnachtaí a sheachadadh agus chun freastal ar riachtanais na scileanna amach anseo.
- Creat conairí simplithe na foghlama a fhorbairt d'fhoghlaimoirí an BOO.
- Múnlaí nua um sheachadadh na seirbhísí a phíolótú le hearnáil an ardoideachais i réigiún an oirdheiscirt.
- Cuir chuige píolótacha a fhorbairt chun seachadadh an churaclaim a fheabhsú trí úsáid a bhaint as an bhfoghlaim chumaisc, as an rCholáiste agus as múnlaí nua eile na seachadta.

A young woman with long brown hair and black-rimmed glasses is the central figure. She is wearing a white, textured knit sweater and has her chin resting on her right hand. She is looking directly at the camera with a slight smile. The background is blurred, showing another person in an orange top. The image has a warm, yellowish tint and is framed by a thin black border with white corner marks. A yellow triangle is in the top-left corner, and a white triangle is in the bottom-right corner.

Cur i bhFeidhm

Cur i bhFeidhm

Leagann Ráiteas seo na Straitéise amach treo obair an BOOCCC thar na cúig bliana amach romhainn. Déanfar ár gcuid oibre a dhíriú ar na téamaí fairsinge a n-aithníodh de réir mar a tugtar na spriocanna, na gcuipóirí agus na ngníomhartha isteach san fhorbairt agus sa phleanáil laethúil laistigh den BOOCCC. Léireoidh an Plean Seirbhíse Bliantúil agus obair stiúrthóirí na scoileanna, an BOO agus an TFE againne an rún straitéiseach gach bliain mar atá leagtha amach i Ráiteas na Straitéise.

Déanfimid tuairisc ar an gcur i bhfeidhm agus ar an dul chun cinn trí Phlean na Seirbhíse agus tríd an Tuarascáil Bliantúil againne.

Geallaimid mar eagraíocht ár gcuid straitéise a sheachadadh agus ár gcuid oibre a dhíriú ar an intinn straitéiseach lena bhaineann. Aithnímid go bhféadfadh rudaí seachtracha lasmuigh den BOOCC tionchar a imirt ar ghnéithe áirithe dá leithéid chur i bhfeidhm. Mar sin féin, sé atá mar chuspóir againne ná leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí níos fearr an oideachais, na hoiliúna agus na tacaíochta ar fáil dár gcuid mic léinn agus dár bpobail ar fud Chontae Chill Chainnigh agus Chontae Cheatharlach thar an gcúig bhliain atá romhainn.

“Geallaimid mar eagraíocht ár gcuid straitéise a sheachadadh agus ár gcuid oibre a dhíriú ar an intinn straitéiseach lena bhaineann.”

A photograph of a man and a woman in a kitchen, both wearing aprons, pouring batter from a large container into a rectangular pan. The man is on the left, looking down at the pan, and the woman is on the right, holding the container. The kitchen has wooden cabinets and a stainless steel countertop. The entire image is overlaid with a semi-transparent orange filter. The word "Aguisín" is written in white text across the middle of the image.

Aguisín

Ár gComhthéacs Straitéiseach

Tá Ráiteas Straitéise an BOOCCC á ullmhú agus sinne ag éirí as paindéim an COVID-19 agus ag dul i dtaithí ar an ‘ngnáthamh nua’.

Tá tionchar ag patrúin nua na hoibre, ag an digitiú méadaithe, ag an ngníomhaíocht ar son na haeráide agus ag ab inbhuanaitheacht, chomh maith le hathruithe geilleagracha an BREATAMACH agus an COVID-19 ar shaol eacnamaíoch na tíre agus ar chruth seirbhísí an oideachais, na hoiliúna agus na tacaíochta. Tá an BOOCCC ag fás i gcónaí le tuilleadh rolluithe agus éileamh méadaithe ar a chuid sheirbhísí. Thar shaolr á Ráiteas na Straitéise, táimid ag súil le hathruithe breise ar mhodheolaíochtaí agus ar phatrúin na foghlama agus sinne ag freagairt ar na héilimh atá ag teacht chun cinn.

Tionchair Níos Fairsinge na Straitéise

- Na dúshlán a eascraíonn as paindéim an COVID 19 mar a théann sé i bhfeidhm ar an ngeilleagar, ar leibhéil na fostaíochta agus ar thodhchaí na hoibre.
- An gá lena chinntiú go nglacaimid ár bpáirt i gcomhlíonadh na spriocanna atá leagtha síos maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide agus le clár oibre na hinbhuanaitheachta.
- Nádúr athraitheach margadh na hoibre agus an t-éileamh suntasach ar an uas-sciliú agus ar an athoiliúint mar ullmhúchán do na poist siúd atá ag teacht chun cinn amach anseo.
- Na brúnna déimeagrafacha atá ag cur isteach ar rolluithe na scoileanna.
- An t-éileamh ar tuilleadh éagsúlachta maidir le soláthar na scoileanna ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.
- An gá leis an gcomhionannas a chinntiú maidir le deiseanna na foghlama, agus á thacú ag tionscnaimh a mhaolaíonn an míbhuntáiste oideachasúil agus a chuireann an cuimsiú chun cinn.
- An t-aitheantas go bhfuil saol na hoibre ag athrú mar gheall ar an domhandú, ar an digitiú agus ar phatrúin nua na hoibre.

- Luathú an aistrithe go dtí an geilleagar digiteach agus an tionchar a bheidh aige ar chohóirt ar leith den daonra.
- An gá le modheolaíochtaí nua agus le cineálacha cur chuige nua na foghlama a chur chun cinn chun freastal ar éilimh na mac léinn agus na tionsclaíochta atá ag teacht chun cinn.
- An gá le rialachas éifeachtach agus éifeachtúil chun feidhmíocht agus cuntasacht láidir a chinntiú.
- An gá lena chinntiú go gcuirfimid an pobal cóir chun cinn ionas nach mbeadh éinne fágtha ina diaidh ann.

“Tá gá linn an gcomhionannas a chinntiú maidir le deiseanna na foghlama, agus á thacú ag tionscnaimh a mhaolaíonn an míbhuntáiste oideachasúil agus a chuireann an cuimsiú chun cinn.”

SOLAS
learning works



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills



**An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta**
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science

Reachtaíocht

Leagann an *tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013*, faoinar bunaíodh an BOOCCC, amach feidhmeanna ginearálta boird an oideachais agus na hoiliúna i leith scoileanna, lárionaid an oideachais agus áiseanna an oideachais nó na hoiliúna ina limistéar agus aithníonn sé a ról maidir le soláthar agus comhordú seirbhísí obair na hÓige a thacú. Faoi réir Alt 27 an Achta, tá gá le straitéis cúig bhliain a ullmhú agus á cur faoi bhráid na Roinne. Tá gá freisin le Ráiteas na Straitéise a bheith ailínithe le *Cód Rialachas na BOOanna 2019* agus le riachtanais eile na Roinne.

Glacann an Breisoideachais agus an Oiliúint (BOO) croí-ról in obair an BOOCCC. Tháinig cumraíocht nua na seirbhíse chun cinn ar fud na tíre le hachtú an Achta Breisoideachais agus Oiliúna 2013, le bunú SOLAS agus le haistriú na hoiliúna chuig na BOOanna ina dhiaidh sin. Ó shin i leith, bíonn gach BOO i dteagmháil le SOLAS maidir le maoiniú agus le seachadadh a chuid seirbhísí an BOO. Tugadh Comhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha isteach sa bhliain 2018 chun tagarmharcáil a dhéanamh ar an dul chun cinn.

Le dhá bhliain anuas, tá teagmháil á dheanamh ag an BOOCCC le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (CCÉ), a chuireann an deimhniú ar fáil d'fhoghlaimeoirí laistigh den earnáil. Rinne an BOOCC a chéad athbhreithniú reachtúil leis an CCÉ sa bhliain 2021; socróidh toradh a leithéid treo an bheartais maidir le dearbhú na cáilíochta sna blianta amach romhainn.

I measc na reachtaíochta eile a bhaineann le straitéis an BOOCCC tá: *An tAcht Oideachais, 1998*, *An tAcht EPSEN (Oideachas na nDaoine le Riachtanais ar Leith acu) 2004*, *an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015*, *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*, *Acht Choiste na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014*, *an tAcht um Obair na hÓige 2001*.

Cuirfidh an BOOCCC a chuid seirbhísí ar fáil de réir na bpríomhriachtanais reachtacha seo.



Beartas

Leagtar amach i *Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais 2021 – 2023* an treo agus an obair ar ardleibhéal a chuirfidh sí ar fáil suas go dtí an bhliain 2023.

Glacfaidh earnáil an BOO ról lárnach i ngnóthú spriocanna straitéiseacha na Roinne chun tacú le soláthar an oideachais ar ardchaighdeán, comhionannas na ndeiseanna, agus na ceannaireachta straitéiseacha agus na tacaíochta do sheachadadh ceart na gcóras agus an bhonneagair d'earnáil an oideachais.

Leagann Ráiteas Straitéise na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta 2021 – 2023 amach fíis uailmhianach d'fhorbairt earnáil breisoideachas na hÉireann chun deiseanna a chruthú agus chun tacú le daoine an oideachas agus an oiliúint a leanúint ag gach céim dá saol. Dírionn an plean ar an tallann agus ar na scileanna a fhorbairt, ar an eolas agus ar an nuálaíocht a chur chun cinn agus ar an gcuimsiú do chách a thacú, chomh maith leis an gcáilíocht agus le barr fheabhais na feidhmíochta chur chun cinn.

Sa chaoi chéanna, leagtar amach i An BOO sa Todhchaí: Ag Aistriú na Foghlama - Straitéis Náisiúnta an Bhreisoideachais agus na hOiliúna (BOO) 2020–24 (Future FET: Transforming Learning - The National Further Education and Training (FET) Strategy 2020–24) an fhís chun an BOO a fhorbairt mar earnáil dhinimiciúil imeasctha an bhreisoideachais atá bunaithe ar fhorbairt an trí cholún na scileanna, ar chruthú na gconairí agus ar chothú an cuimsithe.

Leagtar fíis amach ann don BOO mar *“an rogha cliste do lucht fágáil na scoile, d’fhostaithe atá ag iarraidh a gcuid scileanna a fheabhsú agus d’fhoghlaimoirí ag gach céim an tsaoil, le coláistí BOO na todhchaí aitheanta mar thimpeallachtaí dinimiciúla nua-aimseartha na foghlama ar ardchaighdeán”* (Straitéis an BOO, 2020 – 2024 Ich 36).

Tá roinnt príomhstraitéisí náisiúnta an oideachais agus na hoiliúna ag stiúiriú an chláir oibre um athrú agus athchóiriú thar raon réimsí san oideachas agus sa bhreisoideachas agus an oiliúint. Ina measc tá:

- Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí 2021 2025
- Litearthacht Fadsaoil na nAosach - Straitéis 10 mBliain um Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach na Aosach
- Plean DEIS 2017
- Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, 2021
- Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe - An Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn 2014 – 2020
- Languages Connect (Nasc an Teanga): An Straitéis de chuid na hÉireann um Theangacha Iasachta san Oideachas 2017 – 2026
- Léargas ar ár Scoileanna 2016
- Straitéis Náisiúnta na Scileanna 2025
- Straitéis Náisiúnta an Ardoideachas
- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2020
- Beartas um an Oideachais sa Ghaeltacht 2017 – 2022
- Ráiteas an Bheartais um Oideachas an ETIM 2017-2026
- Ráiteas Beartas na Folláine





Cill Chainnigh agus Ceatharlach- Próifíl Shocheacnamaíoch

Tá daonra iomlán 156,164 ag Contaethe Cill Chainnigh agus Ceatharlach. Siad Cathair Chill Chainnigh agus baile Cheatharlach na príomhionaid uirbeacha an daonra, agus ina dhiaidh sin tá roinnt bailte ceantair níos lú i gCallainn, i gCaisleán an Chomair, i nGráig na Manach, sa Tulach agus i Muine Bheag (Daonáireamh, 2016).

Tá cónaí ar 63.5% den daonra i gContae Chill Chainnigh agus ar 36.5% i gContae Cheatharlach. Is ionann cathair Chill Chainnigh agus 17% de dhaonra an chontae agus is ionann baile Cheatharlach agus 16% de dhaonra an chontae. Tá an chéad sraith eile de bhailte i bhfad níos lú agus, dá réir sin, rangnaítear cuid mhór de chúlchríoch an BOOCCC mar cheantar thuaithe.

Ceaptar go dtiocfaidh fás 25% ar cheantar feidhme an BOOCCC idir na blianta 2016 go dtí 2036; sé sin, fás 27.2% ar dhaonra Cheatharlach agus 23.9% ar dhaonra Chill Chainnigh, i measc rátaí pleanáilte an fháis is airde sa stát. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar mór ag an athrú ar líon na dteaghlach a aistríonn go ceantair níos tuaithe agus ag tionscnaimh an bheartais le déanaí ar dhéimeagrafaic na todhchaí i gContaethe Chill Chainnigh agus Cheatharlach.

Tá próifíl ceantar feidhme Bord an Oideachais agus na hOiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach beagán níos óige ná mar atá sa chuid eile den stát agus tá líon na bhfoghlaimoirí ag an réamhscolaíocht, ag an mbunscoil agus ag an meánscoil níos airde i gcomhréir ná an meán náisiúnta. Siad na ceantair leis an líon is airde na ndaoine idir 0-18 mbliain d'aois ná iad siúd lastuaidh agus soir ó Chill Chainnigh, bruachbhailte bhaile Cheatharlach agus Port an Chalaigh.

Tá beagnach an ceathrú cuid de dhaonra na gcónaitheoirí i gceantar feidhme an BOOCCC idir 45-64 bhliain d'aois. Tá ceantair faoi mhíbhuntáiste aitheanta ar fud an dá chontae. Siad tuismitheoir aonair ata i gceannas ar bheagnach teaghlach amháin as gach cúigear, ráta atá beagáinín níos airde i gContae Cheatharlach.

Tá ráta spleáchas na hóige os cionn meánluachanna an réigiúin agus an stáit; os cionn 37% sa Tulach, i mBaile Haicéid agus i gCallainn. I measc na gceantar atá faoi mhíbhuntáiste suntasach i gContae Cill Chainnigh tá Baile Sheáin agus Áth na nUrlainn, cuid de na ceantair tuaithe i gCaisleán an Chomair, agus in áiteanna máguaird Bhéal Átha Ragad agus Ghráig na



Manach. Áirítear mar cheantair faoi mhíbhuntáiste ná tuaisceart Contae Cheatharlach – agus baile Cheatharlach ach go háirithe– agus na bailte An Tulach, Mhuine Bheag agus Baile Haicéid.

Sa 10 mbliain atá romhainn, meastar go dtiocfaidh fás níos gasta ar dhaonra Chontaethe Chill Chainnigh agus Cheatharlach ná sa chuid eile den stát agus meastar go dtiocfaidh méadú 25% faoin mbliain 2036. Tá daonra an cheantair ag dul in aois agus léiríonn an phróifíl dhéimeagrafach éileamh atá ag méadú ar thuilleadh seirbhísí an oideachais agus na hoiliúna. Tá an BOOCCC ar thús cadhnaíochta maidir le héileamh méadaithe ar an bhfoghlaím fadsaoil agus ar fhorbairt na scileanna, rud a éireoidh níos géire sna blianta amach romhainn. Teastaíonn feabhas ar an gcomhoibriú agus ar an imeascú ó na hidirghabhálacha le daoine óga ionas cur chuige uile-theaghlaigh i leith an dul chun cinn san oideachas agus san oiliúint a chur chun cinn.

“Sa 10 mbliain atá romhainn, meastar go dtiocfaidh fás níos gasta ar dhaonra Chontaethe Chill Chainnigh agus Cheatharlach ná sa chuid eile den stát agus meastar go dtiocfaidh méadú 25% faoin mbliain 2036.”

Fostaíocht

Sé ráta rannpháirtíochta an lucht saothair i gContaethe Chill Chainnigh agus Cheatharlach ná 60.7% agus 61.4% faoi seach, le 86% acu rangaithe mar “ag obair”. Tá an dífhostaíocht níos airde ná meánleibhéal an stáit ag 12.9%; sé ráta Chontae Cheatharlach ná 17%, agus ráta Chontae Chill Chainnigh ná 12.7%. Tháinig laghdú seasta ar an líon ar an mbeochláir sa seacht mbliain suas go dtí mí Mheitheamh na bliana 2019. Cuireann na sonraí atá ar fáil do Tá Contae Chill Chainnigh sa 11ú háit agus Contae Cheatharlach san 18ú háit ar liosta meánioncam teaghlach na 31 limistéar údaráis áitiúil.

Tá thart ar 64,348 bhfostaí ag obair do 7,487 bhfostóir i gContaethe Chill Chainnigh agus Cheatharlach (POS, 2018). Mhéadaigh líon na bpost a chruthaíodh i réigiún an Oirdheiscirt agus laghdaigh an dífhostaíocht bliain ar bhliain ón mbliain 2012. Tháinig ardú suntasach ar an dífhostaíocht mar gheall ar phaindéim an COVID-19, agus bhí an ráta coigeartaithe thart ar 20%.

Siad príomhearnálacha na fostaíochta i gceantar Chill Chainnigh agus Cheatharlach ná an tionscal, an mórdhíola agus an miondhíola, an t-oideachas, an TFC, an talmhaíocht, an lóistín agus bia, agus an tógáil. Go hiondúil, siad na seirbhísí poiblí, an t-oideachas, an innealtóireacht, an tionscadal agus déantúsaíocht an bhia príomhtréithe géilleagar an dá chontae. Tá bonn tuaithe ag an mbeirt acu agus tá 8.1% den lucht saothair ag obair sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht, beagnach dhá oiread an ráta náisiúnta (4.4%).

Rinne an BOOCCC soláthar a chuid seirbhíse a ailíniú leis an mbonn tionsclaíoch agus iad dírithe ar leith ar an bhfáilteachas, ar an innealtóireacht, ar an sláinte agus ar sheirbhísí an airgeadais.

D’fhonn an t-eolas agus an tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt a chuid straitéise, rinne an BOOCCC mion-phróifíl shocheacnamaíoch an limistéir a choimisiúnú ar Chontaethe Chill Chainnigh agus Cheatharlach mar chuid dá fhís maidir le pleanáil na todhchaí.

Cuireann an phróifíl limistéir seo ar chumas an BOOCCC na ceisteanna a théann i bhfeidhm ar mhuintir Chontaethe Chill Chainnigh agus Cheatharlach a aithint agus na straitéisí agus na gníomhartha a chur le chéile chun dul i ngleic leo. Cuireann an phróifíl anailís scagtha ar fáil ar phatrúin na sonraí sna ceantair áitiúla.

Beidh an phróifíl mar bhonn eolais do threoir straitéiseach an BOOCCC agus cuirfidh sí táscairí ar fáil don obair is gá a dhéanamh ionas gur féidir seirbhís an oideachais, na hoiliúna, obair na hóige agus na seirbhísí gaolmhara a seachadadh. Déantar a leithéid i gcomhthéacs na próifíle déimeagrafach, na fostaíochta, an oideachais agus na tionsclaíochta a mbaineann ar fud an dá chontae.



Gluais

BOOCCC	Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
RLCMCÓ	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus Óige
RO	An Roinn Oideachais
DEIS	Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh
RBAOTNE	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
BCTE	Béarla do chainteoirí teangacha eile
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BoO	Breisoideachas agus Oiliúint
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
ETF	Eagraíocht, Tacaíocht agus Forbairt
CCÉ	Dearbhú Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann
SOLAS	An tÚdarás Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna

